AN CÉAD SEASCA IS CEATHRÚ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Ó

CHOIMISINÉIRÍ NA dTABHARTAS AGUS NA dTIOMNACHTAÍ CARTHANÚLA

d'ÉIRINN

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011

BAILE ÁTHA CLIATH

ARNA FOILSIÚ AG AN OIFIG STÁISEANÓIREACHTA

Le ceannach go díreach ó

FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil.: 01 – 6476834 nó 1890 213434; Facs: 01 – 6476843)
nó ó dhíoltóir leabhar ar bith.

COIMISINÉIRÍ

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

An tUasal Onórach Francis D. Murphy, Cathaoirleach.

Colm Gaynor B.C.L., Aturnae.

An Breitheamh Onórach Declan N.O. Budd.

An tArd-Déagánach Urramach C.S. Linney.

An Breitheamh Onórach Mary Laffoy.

Iníon Mary Geraldine Miller, B.L.

An Moinsíneoir Fíor-Oirmhinneach John Wilson.

Daphne Tease Uas. B.A., F.C.A.

An tUas. Peter H. Mullock F.C.A.

An tUas. Graham Richards B.A., Aturnae

An Breitheamh Mary Irvine

OIFIG: 12 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2.

RÚNAÍ: An Iníon Orla Barry Murphy B.C.L., Aturnae

TUARASCÁIL DON RIALTAS

Tíolacaimid, Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn (dá ngairtear "an Bord" anseo feasta), an céad seasca is ceathrú Tuarascáil uainn, arb í an Tuarascáil deiridh uainn í.

RÉAMHRÁ AGUS MISEAN.

Deimhnímid gurb é seo a leanas an Misean atá againn:

Ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sna hAchtanna Carthanas.

Is é sainchúram an Bhoird faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, ná seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanais agus cloí lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas.

Cuireann an Bord seirbhísí éagsúla ar fáil saor in aisce do charthanais. Is de chineál breithiúnach atá formhór na seirbhísí agus ní mór iad a fheidhmiú de réir dhianrialacha an dlí a bhaineann le carthanais. Tá na seirbhísí a chuirtear ar fáil leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2011 – 2014, agus in "Treoir maidir le feidhmeanna, taifid, rialacha agus cleachtais na hOifige", rud a foilsíodh i mí Aibreáin 1998 agus inar pléadh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Rinneadh an tAcht Carthanas, 2009, a shíniú mar dhlí an 28 Feabhra 2009. Déantar foráil san Acht go gcuirfear an tÚdarás Rialála Carthanas ar bun agus go gcuirfear deireadh le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla agus go n-aistreofar na feidhmeanna chuig an eagraíocht nua. Ó achtaíodh é, áfach, níor glacadh ach Alt 1, Alt 2, Alt 5, Alt 10 (seachas fo-alt 3 agus fo-alt 4) agus Alt 99 (an 28 Iúil 2009) agus Alt 4 agus Alt 90 (an 26 Meitheamh 2010). Leanfaidh Oifig na gCoimisinéirí de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh an t-Údarás curtha ar bun.

RIAR CÁSANNA AN BHOIRD

Le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011, dhéileálamar le 460 iarratas agus shéalaíomar 217 ordú i ndáil le hábhair a bhain le carthanais agus le réadmhaoin

charthanais. Thionólamar 11 chruinniú agus bhí 38 mír ar an meán ar an gclár oibre ag gach cruinniú.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe sin, bhí cuid mhór iarratas ar cheadú a fháil d'idirbhearta a bhain le réadmhaoin iontaobhais. Tarlaíonn sé go minic nach mbíonn sé de chumhacht ag iontaobhaithe carthanais déileáil le réadmhaoin ina n-iontaobhas. Dá bharr sin, baineann siad leas as Alt 34 agus as Alt 40 den Acht Carthanas, 1961, ina dtugtar de chumhacht dóibh déileáil le réadmhaoin i gcás idirbhearta atá údaraithe ag an mBord. Foráiltear le hAlt 40 gur ag gach díolachán, léas, malartú agus idirbheart eile atá údaraithe ag an mBord a bheidh an éifeacht agus an bhailíocht chéanna dá mbeidís údaraithe le téarmaí sainráite an iontaobhais a bhaineann leis an gcarthanas. Rinneadh 108 idirbheart san iomlán a cheadú le linn na tréimhse seo. Tá an figiúr laghdú ar an bhfigiúr i 2010 agus léiríonn sé an moilliú ginearálta i margadh réadmhaoine na hÉireann.

Ón mbliain 1973 i leith, tá sé de chumhacht ag an mBord díolacháin a cheadú idir carthanas amháin agus carthanas eile nuair a bhíonn an díolachán sin chun an phobail chun cinn, fiú amháin i gcásanna nach ionann an t-airgead comaoine agus luach margaidh iomlán na réadmhaoine iontu. Rinneadh 14 dhíolachán den sórt sin a cheadú le linn na tréimhse seo. I ngach cás eile, measaimid go bhfuil sé de dhualgas orainn a chinntiú gurb ionann an chomaoin atá íoctha agus luach margaidh iomlán na réadmhaoine.

Sular achtaíodh Acht 1961, bhí gá le hiarratas cúirte a dhéanamh chun go bhféadfaí iontaobhaithe nua a cheapadh chun réadmhaoin charthanais a thógáil faoina gcúram. Bhí costas mór don charthanas ag gabháil leis an iarratas sin freisin. Faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, tá sé de chumhacht againn iontaobhaithe nua a cheapadh in aon chás a cheaptar gá a bheith leo. Tarlaíonn sé go minic nach féidir gníomhais teidil a rianú i leith réadmhaoine, fiú amháin i gcásanna ina raibh an réadmhaoin sin i seilbh eagraíocht charthanúil le blianta fada. Fágann na cumhachtaí sin gur féidir le carthanais an costas agus an mhoill a ghabhann le hiarratas cúirte a sheachaint agus go bhfuil sé de chumhacht acu féin iarratas a dhéanamh chuig an mbord chun gur féidir leo iontaobhaithe nua a cheapadh. Rinneadh 85 ordú den sórt sin sa tréimhse seo.

Tugtar de chumhacht dúinn faoi Alt 29 den Acht Carthanas, 1961, arna leasú le hAlt 8 den Acht Carthanas, 1973, Scéim Cy-Prés a bhunú chun ciste carthanúil a chur i bhfeidhm le haghaidh úsáidí oiriúnacha eile nuair is gá. Fágann sé sin gur féidir an costas agus an gá a bhaineann le hiarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun éifeacht a thabhairt d'úsáidí eile den sórt sin a sheachaint.

Mar gheall ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, inar tugadh tuilleadh cumhachtaí dúinn chun Scéimeanna Cy-Prés nach ngabhann teorainn airgeadaíochta leo a shocrú, bhíomar in ann déileáil le 64 Scéim den sórt sin i mbliana. Roimhe sin, bhí cumhacht na gCoimisinéirí teoranta d'iarratais ar ghabh luach airgeadaíochta de suas le £250,000 leo.

Is an-fhada atá cuid mhór de na Scéimeanna sin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a bheith sásta gurb é atá sna Scéimeanna a cuireadh isteach lenár séalú ná clásail atá cuí agus indéanta chun gur féidir tograí na Scéime a fheidhmiú. I gcás na n-iarratas a rinneadh le linn na tréimhse seo, tugadh 3 cinn chun críche.

Más rud é go dtagann iontaobhaithe ar aon deacracht agus iontaobhas carthanúil á riar acu, nó go dtagann seiceadóirí ar aon deacracht agus réadtiomnú carthanúil nó tiomnacht charthanúil á riar acu, is féidir leo comhairle nó tuairim na gCoimisinéirí a iarraidh. Rinneadh 11 chás den sórt sin a shéalú le linn na tréimhse seo. Iontaobhaithe a ghníomhaíonn de réir chomhairle na gCoimisinéirí, meastar, faoi Alt 21 (3) den Acht Carthanas, 1961, gur ghníomhaigh siad de réir théarmaí an iontaobhais agus tá siad cosanta go hiomlán dá bharr.

In Alt 22 den Acht, cuirtear ar chumas iontaobhaithe ceadú a iarraidh i gcás comhréiteach éilimh in aghaidh carthanais. Tagann formhór na gcásanna chun cinn i gcásanna inar tiomnaíodh an t-eastát iarmharach chun críocha carthanúla agus ina ndearnadh éileamh ar an eastát ar fad nó ar chuid de in aghaidh na n-ionadaithe pearsanta. Rinne an Bord 4 chás den sórt sin a shéalú.

In Alt 2 agus in Alt 3 d'Acht 1973, tugtar de chumhacht don Bhord Scéimeanna a bhfuil iontaobhaithe carthanais páirteach iontu a chumadh. Tá na forálacha an-úsáideach d'aturnaetha. Féadfaidh iontaobhaithe a bheith ina gcomhlacht corpraithe

faoi Scéim, rud a leagfaidh amach téarmaí an Iontaobhais agus a chuirfidh forálacha éifeachtacha ar fáil chun gur féidir an réadmhaoin charthanais a dhílsiú san aonán corpraithe. Is soiléir atá na tairbhí a bhaineann leis sin:- saoirse, sainmhíniú soiléir ar na cuspóirí agus cead oifigiúil na gCoimisinéirí (mar a deirtear) maidir le cineál carthanúil an Iontaobhais. Agus Scéim á ceapadh, déanfar réadmhaoin an iontaobhais a dhílsiú go huathoibríoch sa charthanas ar na hiontaobhais chuí, faoi réir aon cheart nó dliteanas a bhí ann roimhe. Rinne na Coimisinéirí 2 Scéim den sórt sin a shéalú le linn na tréimhse.

Feidhmíonn a lán carthanas faoi Scéimeanna nach ndéanann na forálacha is gá chun gur féidir le hiontaobhaithe an dea-chleachtas a leanúint, mar shampla, riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim a leanúint chun gur féidir leo a chinntiú go gcoinníonn an carthanas a uimhir chlárúcháin chánach. Is féidir leis na Coimisinéirí a lán de na Scéimeanna sin a athrú. Rinneadh athrú amháin den sórt sin a cheadú le linn na tréimhse.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na n-ábhar eile ar déileáladh leo: 11 léas; 14 aistriú; 17 morgáiste; 32 ceist airgeadais; agus 2 iarratas le haghaidh Comhchiste Infheistíochta a chur ar bun.

I mí Iúil 1993, cuireadh córas i bhfeidhm chun cur ar chumas na gCoimisinéirí Carthanas a gcuid feidhmeanna reachtúla maidir le cosaint tiomnachtaí carthanúla a fheidhmiú. Ar mhaithe le leas a bhaint as an teicneolaíocht ní b'fhorbartha a bhí ar fáil don Oifig, rinneadh an córas sin a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú le linn na bliana 2006.

Aturnaetha atá ag déanamh iarratas ar Dheonú Probháide le haghaidh aon Uacht ina bhfuil leagáid charthanúil, iarrtar orthu foirm shimplí achoimre, ina dtugtar sonraí ar gach tiomnacht charthanúil, a chur faoi bhráid na hOifige Probháide. Cuirtear na foirmeacha sin ar aghaidh chuig Oifig na gCoimisinéirí Carthanas gach mí.

Le linn na bliana 2006, bunaíodh córas trína ndéantar imscrúdú ar gach leagáidí carthanúla a thuairiscítear don Bhord. Iarrtar ar gach duine a fhaigheann leagáid charthanúil admháil a chur ar fáil. Tá méadú suntasach tagtha ar an bhfigiúr sin i

gcodarsnacht leis na figiúirí do bhlianta roimhe sin. San am sin, ní dhéantaí imscrúdú ach ar thiomnacht amháin as gach deich gcinn. Tháinig an méadú sin as an úsáid mhéadaithe atá á baint as na hacmhainní atá ar fáil don Oifig agus, go háirithe, as an úsáid mhéadaithe atá á baint as an teicneolaíocht.

Rinneadh imscrúdú ar 3,634 tiomnacht san iomlán le linn na tréimhse seo. Fuarthas admhálacha i leith 2,346 ceann de na tiomnachtaí sin. Tá na hadmhálacha eile fós amuigh ar feitheamh shocrú riarachán na n-eastát éagsúil. Leanann an Oifig ar aghaidh le iad a mhonatóiriú, áfach. A luaithe is a cheadaíonn acmhainní na hOifige é, déanfar athbhreithniú ar aon admhálacha nár cuireadh ar fáil ó tugadh an córas sin isteach.

In Alt 32 den Acht Carthanas, 1961, arna athachtú i bhfoirm nua le hAlt 9 den Acht Carthanas, 1973, ceadaítear don Bhord cistí carthanais atá faoina rialú a infheistiú in urrúis, cibé acu atá nó nach bhfuil an t-infheistiú sin údaraithe leis an dlí nó leis an iontaobhas. Ceadaítear d'iontaobhaithe carthanais déanamh amhlaidh. Mar sin féin, ní bhfuarthas aon iarratas ar údarú den sórt sin.

In Acht 1973, cuirtear deireadh leis an srian a bhí san Acht roimhe, a d'fhág nach rabhthas in ann infheistiú a dhéanamh ach amháin i gcothromas na hÉireann. Faoi Alt 9 (3), níl aon srian leis na hinfheistíochtaí is féidir a roghnú. Mar sin féin, coimeádaimid Foirm Údaraithe ar bun le haghaidh Infheistíocht Cistí Iontaobhais Charthanais. Rinneadh an fhoirm sin a athbhreithniú agus a leasú ó am go chéile, agus rinneadh an leasú is déanaí uirthi an 15 Márta 2005.

I measc ábhair eile ar iarraidh cúnamh na gCoimisinéirí ina leith, bhí ceadú Scoláireachtaí. Sealbhaíonn na Coimisinéirí roinnt cistí éagsúla scoláireachta faoina gComhchiste Infheistíochta, agus tá deontais a chuirtear ar fáil faoi na cistí sin faoi réir cheadú na gCoimisinéirí. I mbliana, rinne na Coimisinéirí íocaíocht scoláireachtaí ó 6 cinn de na cistí sin a cheadú.

ACHOIMRE AIRGEADAIS

Sealbhaíonn na Coimisinéirí cistí ar son carthanas atá infheistithe sa Chomhchiste Infheistiochta, bunaithe don chuspóir sin, nó i dtaiscí gearrthéarmacha le Permanent TSB.

Chruthaigh na Coimisinéirí agus Hill Samuel & Co an Chomhchiste Infheistíochta ar an 30 Meán Fómhair 1985 ionas go mbeidh bainisteoirí sócmhainní proifisiúnta ag bainistiú an chiste. Tá seilbh an chiste tar éis aistriú ó Hill Samuel & Co go AIB Investment Managers agus Prescient Investment Managers Ltd.

Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin gComhchiste Infheistíochta sa bhliain 2011. Tá an Ráiteas Airgeadais iniúchta maidir leis an gCiste don bhliain ag críochnú 31 Nollaig 2011 tagartha anseo.

	2011	2010
Luach an Chomhchiste Infheistíochta	€26,514,785	€29,084,301
Líon na nAonad arna n-eisiúint	7,572,539	7,881,921
Bonnluach in aghaidh an Aonaid	€3.50	€3.69
Glanioncam in aghaidh an aonaid arna thuilleamh sa bhliain	14.45 cent	14.22 cent

Is comhdhéanta den méid seo a leanas a bhí an t-ioncam a tháinig as an gComhchiste Infheistíochta don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2011:

Ioncam Infheistíochta	1,155,107
Ioncam ó Ús Taisce	22,316
Ioncam Iomlán	1,177,423
Speansais Bhainistíochta agus Riaracháin	(84,259)
Glanioncam	1,093,164

Arna leithreasú mar seo a leanas:	
Arna aistriú ón gCúlchiste Comhionannaithe	7,253
Arna athinfheistiú	93,859
Arna dháileadh	992,053
	1,093,164

An tSuim arna Dáileadh

Rinne na hIontaobhaithe an t-ioncam a bhí ar fáil lena dháileadh a ríomh an 30 Meitheamh 2011 agus an 31 Nollaig 2011. Leithdháileadh an tsuim a raibh gach carthanas ina teideal ar na carthanais rannpháirteacha uile. Bhí an teidlíocht sin bunaithe ar líon na scaireanna a bhí i seilbh an charthanais sin ar na dátaí luachála faoi seach. Íocadh ioncam leis an gcarthanas nó athinfheistíodh sa Chiste é thar ceann an charthanais.

Is mar seo a leanas a bhí an dáileadh in aghaidh na scaire an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig:

	2011	2010
30 Meitheamh	6.75 cent	6.00 cent
31 Nollaig	7.70 cent	8.20 cent
Dáileadh bliantúil	14.20 cent	14.20 cent

Tá cóip faoi iamh anseo de Thuarascáil de chuid BDO Simpson Xavier, Cuntasóirí Cairte, a rinne iniúchadh ar an gComhchiste Infheistíochta. Tugtar sa Tuarascáil de chuid BDO Simpson Xavier anailís mhionsonraithe ar na hinfheistíochtaí a bhí i seilbh Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí.

Maidir le feidhmíocht an chiste sa bhliain 2011, tháinig lagú ar mhargaí cothromais mar gheall ar an imní leanúnach a bhí ann faoi leibhéil fiachais agus easnaimh i limistéar an Euro agus mar gheall ar an amhras a bhí ag fás faoina inbhuanaithe a bhí téarnamh geilleagrach sa domhan forbartha. Bhí margaí réadmhaoine tráchtála na hÉireann fós lag le linn na bliana. Chabhraigh dea-thorthaí ó infheistíochtaí bannaí an

Chiste, áfach, le maolú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag drochthorthaí ó ghabháltais chothromais agus réadmhaoine.

Rinneadh dáiltí ar úinéirí aonaid arbh fhiú 14.45c iad a cheadú lena n-íoc don bhliain 2011 – rud arbh ionann é agus méadú 4% ar thoradh ioncaim (bunaithe ar na meánphraghsanna tosaigh agus deiridh in aghaidh an aonaid). Mar sin féin, laghdaigh an praghas in aghaidh an aonaid ó €3.643 go €3.501 – rud arbh ionann é agus laghdú 3.9%.

Tá meascán éagsúil infheistíochtaí ag an gCiste go fóill, mar tá infheistíochtaí déanta aige i gcothromas, in urrúis rialtais, i réadmhaoin agus i sócmhainní airgid.

Cuntais Permanent TSB

B'ionann taiscí gearrthéarmacha le Permanent TSB amhail an 31 Nollaig 2011 agus €4,994,208.
Léiríonn an t-airgead seo airgead a bhfuil faighte ag an mbord ar son carthanas atá ag fanacht ar chinneadh maidir lena n-iarratais nó atá ag brath ar infheistíocht níos gearrthearmaí ná mar atá ar fáil leis an gComhchiste Infheistíochta. Le linn na bliana, fuair an Bord suimeanna arbh fhiú €1,477,695 iad lena ndáileadh ar charthanais. Tá Sceideal mionsonraithe ar na cistí sin leagtha amach i Sceideal 1.

Tá cóip faoi iamh anseo de Thuarascáil an Iniúchóra Rialtais Áitiúil a rinne iniúchadh ar na cuntais le Permanent TSB atá i seilbh na gCoimisinéirí.

Faoi Acht an Státchiste agus na Ranna Iniúchta, 1921, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais a bhain le suimeanna a vótáil an tOireachtas don Oifig don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

TUARASCÁIL AR AN RÁITEAS STRAITÉISE 2011 – 2014

Chuir an Bord Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 le chéile, de réir mar a éilítear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Féachann an Ráiteas Straitéise le forbairt Oifig an Bhoird (dá ngairtear "an Oifig" anseo feasta) thar an tréimhse seo a shonrú. Cuireadh le chéile é i gcomhar le foireann na hOifige agus tá sé bunaithe ar an athbhreithniú eagraíochtúil agus bainistíochta a rinne Sainchomhairleoirí Bainistíochta de chuid Deloitte & Touche.

Sainíodh ceithre phríomhchuspóir san athbhreithniú agus tá na cuspóirí sin ina ngné leanúnach ábhartha d'obair na hOifige agus tá siad leagtha amach anseo thíos.

Déantar plé sa Ráiteas ar na príomhthosca a bhaineann le baint amach na gcuspóirí agus ar an gcumas atá againn an Ráiteas Straitéise a chur chun feidhme:-

CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL.

Ar aon dul le treoracha an Rialtais maidir le Ráitis Straitéise Roinne a dhréachtú, rinne an Bord ceithre chuspóir ardleibhéil shoiléire a fhorbairt. Na ceithre chuspóir sin atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2011 – 2014, tá siad leagtha amach anseo mar Chuspóirí 1-4.

Ina theannta sin, tugtar tuilleadh gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta chun Dhul Chun Cinn a Chothú (2004), a d'fhéadfaí a achoimriú ina dtrí chuspóir eile. Tá siad leagtha amach mar chuspóirí 5-7.

CUSPÓIR 1

Cur le leas an phobail trína chinntiú go dtugtar cosaint do mhianta daoine a dhéanann tabhartais charthanúla agus tiomnachtaí carthanúla

Is féidir go dtógfaidh sé roinnt blianta chun Tabhartais/Tiomnachtaí Carthanúla a riar. Dá bhrí sin, ní mór córais éifeachtacha a bheith i bhfeidhm chun gur féidir tabhairt faoi ghníomhaíocht leantach i leith foirmeacha achoimre a chuireann an Oifig Probháide ar fáil. Bhí córas láimhe i bhfeidhm go dtí an bhliain 2006. Le linn na bliana sin, áfach, cuireadh córas ríomhairithe chun feidhme, rud a fhágann gur féidir imscrúdú a dhéanamh ar gach tiomnacht charthanúil a thuairiscítear don Oifig Probháide. Is é atá ag teastáil i ngach cás ná admháil shínithe ina n-aithnítear fáil na tiomnachta. Bhí sé i gceist go leanfaí ar aghaidh le faireachán rialta a dhéanamh ar na tiomnachtaí sin dá bhfuil na hadmhálacha fós amuigh. Mar gheall ar laghdú ar líon foirne na hOifige, áfach, tá moill tagtha ar an bpróiseas sin.

CUSPÓIR 2

Cur le riarachán éifeachtach na gCarthanas trí chúnamh a thabhairt d'Iontaobhaithe Carthanais a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh i gcásanna ina bhfuil bac struchtúrtha nó dlíthiúil ann cheana féin

Ní mór cúnamh atá á thabhairt d'Iontaobhaithe, ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, a bheith cruinn, soiléir, pragmatach agus comhsheasmhach. Tá an Oifig tiomanta do bheith ag déileáil leis an oiread iarratas/fiosruithe agus is féidir ar bhealach tráthúil measúil atá ar aon dul lena bhfuiltear ag súil uainn sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí atá foilsithe againn.

Ní mór cúnamh a thabhairt i dtráth cuí chun go mbeidh sé úsáideach d'iontaobhaithe. Ba chóir don Oifig, tar éis na ndoiciméad uile is gá a fháil ón aturnae, Meabhráin don Bhord a ullmhú go tráthúil. Baintear é sin amach de ghnáth, ach bíonn gá leanúnach le tosaíocht a thabhairt as a seal do na cásanna is mó agus is criticiúla. Baineann an Oifig úsáid as taifid leictreonacha agus as taifid láimhe araon chun staid reatha aon

cháis ar bith atá idir lámha a fháil amach. Féachaimid freisin lena chinntiú go soláthraítear an tseirbhís is fearr do charthanais, ar aon dul le polasaí an Bhoird agus i gcomhréir le foireann dlí na hOifige. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go ndéantar faireachán gairmiúil ar chásanna amuigh atá ar feitheamh bhreithniú an Rúnaí nó cheadú an Bhoird agus go ndéantar bearta feabhais nuair a bhíonn riaráiste ann. Baintear an-leas as an modh sin sna cásanna sin a mheastar a bheith níos tábhachtaí nó a bhfuil spriocdhátaí seachtracha ag gabháil leo.

Le linn na bliana 2011, níor lionadh dhá phost lánaimseartha, ach le cabhair teicneolaíocht leasaithe, lean obair na hoifige ar aghaidh le beagán moileanna.

CUSPÓIR 3

Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach tríd an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na hOifige

Cruinnithe rialta a thionól le baill aonair foirne chun a chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoina gcuid feidhmeanna agus dualgas.

Le linn na bliana, aistríodh an Oifig amach ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuireann an clár oiliúna agus forbartha atá á fheidhmiú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sainoiliúint agus saintacaíocht ar fáil do bhaill foirne cléireachais, mar aon le hoiliúint leanúnach ar an láthair a chuireann ar chumas baill foirne a gcuid feidhmeanna ar leith a chomhlíonadh.

Cuireadh córas ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar fhoirmeacha achoimre (a ullmhaíonn Aturnaetha agus iarratais á ndéanamh acu ar Dheonuithe Probháide) a fhaightear ón Oifig Probháide. Is é atá sna foirmeacha sin ná sonraí ar thiomnachtaí carthanúla agus gabhann na cuspóirí seo a leanas leo:-

- a chinntiú go bhfaigheann na Coimisinéirí na foirmeacha achoimre ar bhonn míosúil;

- sonraí a thuairisciú go cruinn agus tuairisceán míosúil a thabhairt don Ard-Rúnaí lena bhreithniú ag an mBord;
- aturnaetha nach gcloíonn le riachtanais an Bhoird a rianú;
- cásanna a dteastaíonn tuilleadh caingean dlí uathu a bhunú agus a chur faoi bhráid an Rúnaí;

De bharr easpa achmainni, ni raibh sé de chumas ag an oifig gníonmh a chur i gcríoch chun an t-eolas easnamhach a aimsiú, ach tá an t-eolas coimeádta ionas go gcuirfí iniúchadh ar siúl nuair atá na hachmhainní ag an oifig.

CUSPÓIR 4

Dea-thoradh ar airgead a infheistítear i gComhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí a chinntiú, ar aon dul le polasaí cuí infheistíochta toisc go bhfuil Carthanais páirteach ann

Is iad bainisteoirí gairmiúla infheistíochta, a dhéanann idirchaidreamh le Coiste Airgeadais an Bhoird, a bhainistíonn Comhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí. Cuireann an Bainisteoir Infheistíochta tuarascálacha rialta monatóireachta infheistíochta le chéile. Tugann an achoimre airgeadais ar leathanaigh 8 agus 9 sonraí maidir leis na tuairisceáin tuillte i rith na bliana.

CUSPÓIR 5

Caighdeáin shoiléire intomhaiste a bhunú, ar féidir feidhmíocht a thomhas ar bhonn leanúnach ina n-aghaidh

Cuireadh Cairt um Chaighdeáin Seirbhíse Custaiméirí i bhfeidhm. Tá an Chairt sin ar taispeáint anois san Oifig Phoiblí. Ina theannta sin, cuireadh Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Ardchaighdeáin Custaiméirí le chéile, rud ina leagtar amach na caighdeáin a fhéachaimid san Oifig lena mbaint amach.

Áirítear an méid seo a leanas leis na caighdeáin sin:

- Caitheamh go cóir agus go cothrom le gach duine a dhéanann teagmháil leis an Oifig.
- Seirbhís atá pras agus éifeachtúil.
- Ardchaighdeáin a chur chun feidhme do na seirbhísí sin a chuireann an Oifig ar fáil.
- Feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh ar chaighdeáin seirbhíse.
- Faisnéis a chur ar fáil i bhfoirm fhoilsithe.

Le linn na bliana 2011, níor chuir an Pobal aon ghearán in iúl maidir leis an gcaighdeán seirbhíse a chuir an oifig ar fáil. Ina theannta sin, chuir an Oifig meicníocht i bhfeidhm a chinntíonn go ndéantar cumarsáid rialta le hiarratasóirí chun go mbeidh muinín acu go bhfuiltear ag déileáil lena n-iarratas a ghaiste is féidir agus go bhfuil córas cothroime i bhfeidhm trína ndéileáiltear ar bhonn comhionann le gach iarratas.

CUSPÓIR 6

Comhionannas a chur chun cinn

Tá an Oifig tiomanta do pholasaithe comhionannais agus ilchineálachta don tseirbhís ar fad. Chun na críche sin, déanann sí polasaithe ilchineálachta agus comhionannais inscne atá ann cheana féin a chur chun cinn ar fud na hOifige agus déanann sí gach polasaí, foilseachán agus nós imeachta na hOifige a phrofú ó thaobh comhionannais de.

CUSPÓIR 7

Na caighdeáin eitice is airde a bhaint amach

Tá an Oifig tiomanta do na caighdeáin eitice is airde a bhaint amach agus, chun na críche sin, déanann sí an méid seo a leanas:-

- cuireann sí Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse chun cinn de réir mar a aontaíodh go lárnach í agus cuireann sí prionsabail an Chóid san áireamh ina straitéis um Bainistíocht Acmhainní Daonna;
- cuireann sí an tAcht um Eitic i bhfeidhm i ngach grád, an tArd-Oifigeach Feidhmiúcháin agus a choibhéis san áireamh;
- éilíonn sí dearbhuithe leasa de chuid gach baill foirne atá i mbun próisis tairisceana;
- éilíonn sí cur chun feidhme iomlán nósanna imeachta soláthair.

Sceideal Uimh. 1

B’ionann cistí a fuarthas lena ndáileadh ar charthanais sa tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus €1,477,695.

Is é a bhí sna cistí sin:

Carthanas	Suim	Foinse
	€	
Charles Egan	115,858.07	Seirbhísí Iontaobhaithe Bhanc na hÉireann Cistí Nua
Anne Westropp	68.13	Ioncam ó Infheistíocht
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	769,180.98	Carthanais Éagsúla Cistí Nua
Gasóga Naomh Mícheál/ Gasógaíocht Éireann	592,587.82	Cistí Nua

Tá Duaisbhannaí dar luach €69.85 i seilbh na gCoimisinéirí thar ceann carthanas freisin.

Dá fhianú sin, déantar Comhshéala Choimisinéirí
na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn a ghreamú leis seo:

An 18ú lá seo de mhí an Mheithimh 2013.

I LÁTHAIR AG GREAMÚ AN tSÉALA:

SÉALA

Mary Geraldine Miller_____
Coimisinéir.

_Orla Barry Murphy_____
Rúnaí.

OIFIG CHOIMISINÉIRÍ NA dTABHARTAS AGUS NA dTIOMNACHTAÍ CARTHANÚLA d'ÉIRINN.

("AN RÚNAÍOCHT")

RÁITIS BHLIANTÚLA AIRGEADAIS

DON

BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2011.

CLÁR ÁBHAR:

	Leathanach
An Rúnaíocht.	**21**
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Rúnaíochta.	**22**
An Tuarascáil Iniúchta.	**23**
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta.	**24**
Ráiteas ar Ioncam agus ar Íocaíochtaí.	**25**
Ráiteas ar Iarmhéideanna.	**26**
Nótaí leis na Cuntais.	**27**

AN RÚNAÍOCHT

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

OIFIG: 12 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2.

RÚNAÍ: An Iníon Orla Barry Murphy B.C.L., Aturnae.

Oibríonn cúigear Státseirbhíseach, arna gceapadh ag an Aire le freagracht as an Oifig ó am go chéile, in éineacht leis an Rúnaí.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA RÚNAÍOCHTA.

Ullmhaíonn an Rúnaíocht cuntais do gach bliain airgeadais, cuntais ina dtugtar léargas cóir ar staid na gcistí carthanúla atá ina seilbh agus ar ioncam a fuarthas agus ar íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana.

Ní chuirtear cistí carthanúla atá infheistithe sa Chomhchiste Infheistíochta ar áireamh sna cuntais seo - tuairiscítear iad sna ráitis airgeadais a ullmhaítear don Chomhchiste Infheistíochta amháin.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rúnaíocht:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach; agus
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

Bhí an Rúnaíocht freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, taifid ina léirítear le cruinneas réasúnta tráth ar bith stádas airgeadais na gcistí carthanúla a fhaigheann agus a riarann sí agus gluaiseacht na gcistí den sórt sin. Tá an Rúnaíocht freagrach freisin as cibé sócmhainní a fhaigheann sí a chosaint agus bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Sínithe thar ceann na Rúnaíochta ag:-

_Orla Barry Murphy_____
An Iníon Orla Barry Murphy, Rúnaí.

AN TUARASCÁIL INIÚCHTA

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis bhliantúla airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 atá leagtha amach ar leathanaigh 6 go 9.

Freagrachtaí na Rúnaíochta agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil

Tá freagrachtaí na Rúnaíochta maidir leis na Ráitis Bhliantúla Airgeadais leagtha amach ar leathanach 4. De réir Alt 14 den Acht Carthanas, 1961, tá sé de fhreagracht orm, bunaithe ar an iniúchadh atá déanta agam, tuairim neamhspleách a ghlacadh i leith na ráiteas.

Bunús na Tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh de réir phrionsabail agus chleachtas an Iniúchta Rialtais Áitiúil. Is é atá i gceist le hiniúchadh ná scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an nochtadh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, clúdaítear measúnú ar cé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí maidir le cúinsí na hOifige agus ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad go sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé an t-iniúchadh i dtreo is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun go leor fianaise a sholáthar dom chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu é a bheith ann de bharr calaoise nó mírialtacht nó earráid eile.

Tuairim

Is é mo thuairim gurb é atá sna ráitis bhliantúla airgeadais ná léargas coir ar staid airgeadais na gcistí carthanúla a bhí i seilbh agus á riar ag Oifig na gCoimisinéirí amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar an ioncam agus ar na híocaíochtaí lena mbaineann don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Maurice O'Neill
Iniúchóir Rialtais Áitiúil.

Dáta: 11 Meán Fómhair 2012

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn ioncaim agus íocaíochtaí.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim:

- cuntais a bhí i seilbh an Chomhchiste Infheistíochta a dhúnadh;
- cistí carthanais a fháil ar feitheamh glanadh Scéime; agus
- ús a tuilleadh.

Is iad seo a leanas na príomhíocaíochtaí:

- íocaíochtaí le hiontaobhaithe na gcarthanas éagsúil ag eascairt as Cuntais an Chomhchiste Infheistíochta a dhúnadh;
- suimeanna a aistríodh chuig Cuntais an Chomhchiste Infheistíochta.

Ráiteas ar Ioncam agus ar Íocaíochtaí - an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

	2011	2010
	€	€
Ioncam		
An Comhchiste Infheistíochta:		
Suimeanna arna nDáileadh - Eile	**62,918**	96,414
Ús ar Thaiscí	**143,370**	130,541
Cistí Carthanais arna bhFáil:		
Díolachán Sócmhainní	**-**	378,887
Cistí Nua Carthanais	**1,477,695**	798,382
Ioncam Iomlán	**1,683,983**	1,404,224
Íocaíochtaí		
Carthanais	**904,890**	1,118,416
An Comhchiste Infheistíochta	**-**	372,439
Táillí Bainc	**45**	50
Íocaíochtaí Iomlána	**904,935**	1,490,905
Glanghluaiseacht	**779,048**	(86,681)
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	**4,251,017**	4,337,698
Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig	**5,030,065**	4.251,017

RÁITEAS AR IARMHÉIDEANNA AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2011

	2011	2010
	€	€
Airgead tirim ar taisce	**4,994,208**	4,251,767
Ús fabhraithe	**35,857**	**-**
Lúide seiceanna amuigh	**-**	(750)
	5,030,065	4,251,017
Arna ionadú ag:		
Cuntais charthanais	**5,030,065**	4,251,017

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS.

1. AN COMHCHISTE INFHEISTÍOCHTA

Chuir Bord Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn ("an Bord") an Comhchiste Infheistíochta ("an Ciste") ar bun i mí Aibreáin 1985 faoi Scéim de bhun Alt 46 den Acht Carthanas, 1961. Is é sainchúram an Bhoird faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, ná seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanais agus cabhrú le cloí lena bhfuil ar intinn ag daoine a thugann tabhartais agus tiomnachtaí do charthanas, lena n-áirítear sócmhainní nó cistí de chuid aon charthanais ar bith atá dílsithe sa Bhord a riar.

2. Tá Duaisbhannaí dar luach €70 cláraithe in ainm Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn.